Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

P9_TA(2022)0305

An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís: na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais 2017-2021. Síneadh a chur leis an bPrótacal ***

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2022 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (05657/2022 – C9-0166/2022 – 2022/0014(NLE))

(Toiliú)

(2023/C 125/17)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (05657/2022),

— ag féachaint don dréacht-chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh a chur chun feidhme idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (05658/2022),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) (v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0166/2022),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Buiséid,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0211/2022),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Oileán Mhuirís.